

# Nuachtlitir Nollaig 2012

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.

## The Late Late Toy Show




**Bhí ríméad orainn an leabhar "An Phluais" a fheiceáil ar an Toy Show oíche Dé hAoine seo caite. Dhírigh muid i mbliana den chéad ar** ficsean **don aoisghrúpa seo 8+ a fhoilsiú, mar sin ba mhór againn é gur thaitnigh "An Phluais" leis an léirmheastóir óg ar an Toy Show, Ashley! Tá cúig theideal in iomlán sa sraith nua seo agus iad ar fáil anois sna siopaí agus ar ár** suíomh**.**




## Seoladh Mise agus an Dragún

**Ar an Máirt 11ú den mhí seo seolfar an pictiúrleabhar** Mise agus an Dragún**.Is í Patricia Forde a scríobh agus Steve Simpson a mhaisigh an scéal eachtraíoch seo faoi bhéirín beag atá ag iarraidh dul ag seilg dragún! Seolfar an leabhar i** dTaibhdhearc na Gaillimhe **áit a mbeidh rang a haon agus rang a dó as Scoil Mhic Dara sa Cheathrú Rua inár dteannta leis an ocáid a cheiliúradh.**



## Féile Leabhar na Nollag

**Tá liríocht na Gaeilge á chur chun cinn an Nollaig seo ag Foras na Gaeilge i gcomhair leis an** gComhairle Ealaíon**. Mar chuid den fheachtas bolscaireachta beidh ceithre cinn de 'phreabshiopaí' á reáchtáil ina mbeidh scoth rogha leabhair Gaeilge ar fáil, chomh maith le aoíchainteoirí, seisiúin leitheoireachta agus dreasanna ceoil chomh maith! Tosóidh an chamchuairt seo i Halla Uladh,Béal Feirste ar an 5ú Nollaig. Músaem Cathrach na Gaillimhe a bheas sé ar an 7ú Nollaig, i nGael Táca, cathair Chorcaí ar an 12ú Nollaig agus sa Rowan Tree Café, Inis, Co. an Chláir ar an 14ú Nollaig.Beidh údair Fata Fata, Patricia Forde agus Bridget Bhreathnach ag léamh óna gcuid leabhair i** Músaem Cathrach na Gaillimhe**.Tabharfaidh Bridget aghaidh ar Inis, chomh maith le Tadhg Mac Dhonnagáin a bheas ag casadh ceoil ón CD Gugalaí Gug! Tuilleadh eolais ar an bhfeachtas ar ár leathanach Facebook! Bígí leo.**




## Sladmhargadh

**Beidh drochscéala de chinéal éigin le haghaidh go leor againn i mBuiséad 2013 le ardú cánacha srl ach anseo i Futa Fata tá muid ag iarraidh deá-scéala a thabhairt dhaoibh! Tá muid ag gearradh praghasanna;ar feadh DEICH LÁ beidh lascaine 50% ar GACH uile leabhar agus CD, ar ár suíomh! Is tairiscint arlíne amháin é seo mar sin tapaigí an deis! Más bronntanas do páiste, deagóir nó duine fásta atá uait, tabhair cuairt orainn! Dáta deireadh seachadha le cinntiú go mbeidh beartanna ann don Nollaig in Éirinn ná an 17ú – an 7ú,Dé hAoine beag, seo an dáta deiridh do Mheiriceá Thuaidh.**

**Beannachtaí na Nollaig oraibh go léir agus Blian Nua Faoi Mhaise**

---

Futa Fata ar Facebook | Twitter | YOUTUBE | ar aghaidh |

Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie
www.futafata.ie

*Suíomh Gaeilge is fearr*
*Irish Web Awards 2012*

*Ceart ar cosaint © 2012 All rights reserved*

*Distributors/Dáilitheoirí: Gill & Macmillan/ IES/ Argosy/ Book Nest*

Faigheann Futa Fata tacaíocht leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge ; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.

the arts council
an chomhairle ealaíon
cistiú litríocht
artscouncil.ie

Foras na Gaeilge